Ṫírġrá

Motúċán nádúrṫa is ea an tírġrá. Tagann sé ċom nádúrṫa do gaċ cine agus a ṫagann an t-aer a análann siad. Tá grá ċom díograiseaċ ag an ḃFear Gorm dá ċoillte is dá ṡléiḃte is atá ag an Sasanaċ dá ċaisleáin is dá aiḃneaċa. Canann an Síneaċ ar áilleaċt na Yangtse - Kiang ċom h-intinneaċ agus a ċanann an Poncánaċ glóir Maryland.

Agus maidir linne. Gaeil, ċuir Donnċaḋ Rua ár ngrá d'Éirinn i gcéill nuair adúirt sé:—

"Tá grá agam ċroí is im intinn
féin,
Do Ḃán Ċnoic Éireann Oiġe."

Rud an-ċumaċtaċ is ea an tírġrá mar tá sé préamaiṫe go doiṁin i nádúr an duine. Is féidir leis an dtírġrá ḃeiṫ go maiṫ nó go dona. Múineann an Eaglais dúinn go ḃfuil an tírġrá mar ḋualgas orainn. Aċ is olc an rud é nuair a ṫéann sé ṫar teorainn.

Cuireann gaċ duine againn féin ár dtírġrá i ḃfeiḋm lenár ndualgaisí a ċoiṁlíonaḋ agus ár saoṫar a ḋéanaṁ le dutraċt is le díċeall. 'Sé mo ṫuairim go mbíoḋ sé níos fusa ag an duine óg fadó ná mar atá sé anois, a ḋualgas náisiúnta a ḋéanaṁ amaċ agus é a ċoiṁlíonaḋ.

An fad a ḃí na Sasanaiġ anseo agus an ċumaċt uile acu agus Éire a rialú ar ṁaiṫe le h-eaċtranaiġ, ba léir don uile ḋuine ionraic dá raiḃ tírġrá ar biṫ ina ċroí aige nár ṁiste a ḃeiṫ ag pleanáil agus ag ullṁú agus ag oibriú le smaċt na n-allúraċ a ċur ar ceal.

Sa saol atá anois ann is léir naċ ḃfuil an t-aos óg, nó an ċuid is mó díoḃ, taréis aiḋm nó ánsca ar ṁaiṫe le h-Éirinn a ṫógáil óna sinsir, a spreagfaḋ ċun gníṁ iad ċom maiṫ céanna agus ba ġnáṫ le fuaṫ d' ansmaċt Ṡasana an glúin a ḃí suas daiċead nó caoga bliain ó ṡin a spreagaḋ.

Is follas naċ ḃféadfaimis sprid na náisiúntaċta a ċoiméad láidir fuinniúil sna Sé Ċontae Fiċead trí ḃeiṫ ag cotú fuaṫa do Rialtas na Sé Ċontae ar scáṫ leanúint le freasúraċt do ċumaċt Ṡasana.

Ní éireóiḋ linn, grá gníoṁaċ d'Éirinn a ċur ag borraḋ imeasc óige na dúiċe, mura ndíreóimid ár n-intinn mar pobal, ar ċúrsaí a ḋíbreóḋ fuaṫ, agus fonn troda, oiread agus ab' féidir.

Is minic go dtí cúpla scór bliain ó ṡin go mbíoḋ treoraiṫe an pobail ag iarraiḋ na daoine a spreagaḋ ċun gníṁ, le scéalta faoi tíoránaċt a h-imríoḋ ar muintir na hÉireann anallód, ⁊ faoi robáil a rinneaḋ orainn níos déanaí.

Ba leor lena lán acu argóintí a bunaíoḋ ar ṫaoḃ aṁáin den stair agus níor ḃac siad mórán lena ḃféadfaḋ muintir na linne sin a ḋéanaṁ dóiḃ féin nó le pleananna réadúla i gcoṁar na todċaí.

Ṫárla naċ mbeifear inann daoine a ġríosú le sean - scéalta duairce feasta. Is ar an tsaol atá roṁainn ba ċeart dúinn aġaiḋ a ṫaḃairt: agus suim na ndaoine ina dtír ḋúċas féin a ṁúscailt agus an suim sin a ċoiméad beo, ḃríoṁar gníoṁaċ.

Nílim a rá, ar ndóiġ, go mba ċóir dúinn neaṁ-ċúram a ḋéanaṁ den stair. Ḋ'ionann sin agus féiniúlaċt an náisiúin a scrios. Tig linn, áfaċ, dul i mbun an staire i slí eile seaċas í a úsáid mar ábar síolteagasc fuaṫa.

Tá a lán laoċra Gaelaċa againn mar ṡampla: Tone, Emmet agus an Piarsaċ. Rinne na fir sin an rud a scríoḃ Pádraig Mac Piarais;-

"Do ṫugas mo ġnúis
Ar an ród seo roṁam,
Ar an ngníoṁ do-ċím,
'S ar an mbás do ġeoḃaḋ."

Ḃí grá mór ag na laoċra sin dá dtír dúċais agus fuair siad bás ar a son. Is ceart dúinn cuiṁne go deo a ḃeiṫ againn ar na ndaoine sin. Aċ tá tírġraiṫeoirí eile go mba ċeart dúinn ḃeiṫ mar ṡompla againn an láaṫá inniu ann. 'Siad na daoine sin ná Míċeál Mac Dáiḃid, Doṁnall Ó Conaill, an tAṫair Maitiú, O.F.M., agus an Canónaċ Oir. Mac Aoḋa, a ċaiṫ a saol ar son na hÉireann agus ar ṁaiṫe leis an gcine Gaelaċ.

Ḃ'iad na filí a ṁol an tírġrá, agus a ċoiméad go buan é riaṁ. Tá litrioċt gaċ teanga lán dá ṁolaḋ. Molann na filí an laoċ calma agus an gníoṁ uasal. Ar an dtaoḃ eile, tá fuaṫ speisialta acu don té a ṫugann cúl le cine, agus don tíoránaċ falsa. Aon duine naċ ḃfuil grá aige dá tír ḋúċais, deirtear faoi:-

"Dying shall go down
To the vile dust from
whence he sprung,
Unwept, unhonoured and
unsung."

Ċun an tírġrá a ṁúscailt, ba ċóir a ḃeiṫ ag síor lorg slite nua le feiḋm a ḃaint as an radió agus an telefís le suim in Éirinn, agus bríd as Éirinn a ċotú sna h-éisteoirí agus sna dearcóirí.

Ċun scéal gairid a ḋéanaṁ de, is í an faḋb atá le réiteaċ againn, ar muintir a ċoiméad ċom dílis díograiseaċ mar Éireannaiġ in aimsir síoċána agus cáirdeasa idirnáisiúnta agus a ḃídís nuair a ḃíoḋ mí-iompar na Sasanaċ a mbroideaḋ agus a ngríosú.

Áine Ní Ċaṫasaiġ, Scoil Seosaṁ Naofa, Béal Áṫa Liag, Co. Longṗort.

Leaṫanaċ na nÓg

Excelsior — Aċ tá brú ann

Cé ġeoḃas áit ar an ċarraig is airde— taréis siúlóid go Cnoc na Naoṁ.

Taisteal Ċun na Gaelaí

Caitlín Ní Raifeartaiġ

Ceapaḋ roinnt blian ó ṡin nárḃ féidir an ġealaċ do ṡroiċint go bráṫ, agus dá ndéarfá go dtiocfaḋ lá fós go ḃfeicfí satelliti ṡaorga ag timpeallú an doṁain ins na cianspearṫa uaċtaraċa, is beag duine a ċreidfeaḋ tú. Meas an ċoitiantaċt naċ raiḃ i gcaint na saoineolaiṫe spáis agus taisteál spáis aċ fiannaíoċt agus tairgreaċt fíor-áifeiseaċ naċ ḃfíorófaí go deo na ndeor. Ní mar a síltear a bítear, áfaċ go minic; agus a lán dá ndúirt na h-eolaiṫe tá sé deiṁniṫe cruṫaiṫe os coṁair ár súil.

Cuir na Rúisiniġ satelite ag dul timpeall an doṁain céadta míle in áirde i spás ins an mbliain 1957. Ḃ'ṡin éan céad ċeann a cuireaḋ a raonċúrsa ag timpeallú an doṁain. Ina ḋiaiḋ sin ċuireadar roicéad go dtí an ġealaċ, agus ċuireadar saitilite ṫar an ngealaiġ agus timpeall na gealaí gur ṫiúrling sí anuas i gcongar na talún, agus grianġrafanna nó pictiúirí déanta aici den dtaoiḃ dorċa den ngealaiġ. Bíonn an taoḃ seo iompaiṫe uainn de ṡíor. Seolaḋ na grianġrafanna bun talún go dtí na h-eolaiṫe. Ba mór an lúċair a ḃí ar eolaiṫe agus ar réalteolaiṫe ar fuaid an doṁain na grian-ġrafanna seo d'ḟeiscint don ċéad uair riaṁ.

Is iad na Meiriceanaiġ agus na Ruisiniġ an dá ḋream is mó ċun cinn i gcúrsaí roiceadaí agus saitlití saorga sa doṁain fé láṫair. Taréis do sna Rúisiniġ an t-eaċt mór aiḃéileaċ do ḋéanaṁ ag timpeallú an doṁain le saitilití do ċur na Meirceánaiġ saitlití ag timpeallú an doṁain. Agus ceann a ḃí beartaiṫe acu dul ag timpeallú na gealaí, ṫeip uirṫi dul ar an raonċúrsa gealaí, aċ ċuaiġ sí ṫar an ngealáiġ agus d'aimsiġ sí raonċúrsa ag timpeallú na gréine.

Lean na Rúisiniġ agus na Meiriceánaiġ ó ṡin ag cur saitlití ag timpeallú an doṁain, agus sa ḃliain 1960 ċuir na Rúisiniġ saitiliteaċ ag timpeallú an doṁain ar feaḋ seaċtaine, agus ḋá ṁadra beo istiġ ann. Taréis seaċtaine ṫreoraiġ na h-eolaiṫe an saitiliteaċ. Ḃí an dá ṁadra beo taréis a n-aistir doċreidte diompair san spás imċianaċ agus dúraḋ naċ raiḃ máċail ná cailliúint orṫu.

Cuireaḋ ainmiṫe eile in áirde ó ṡin ar feaḋ tréiṁse gearra. Ċuir na Meiriceánaiġ moncaí in áirde agus na Rúisiniġ madra.

Tugaḋ ṫar n-ais slán iad. Cuireaḋ mion ainmiṫe eile in áirde leis.

Tá an spás-taisteal ag dul ar aġaiḋ go trán ó ḃliain go bliain, agus sa ċliain 1961 ċuir na Rúisiniġ fear in áirde i saitiliteaċ, nó árṫaċ spáis ag timpeallú an doṁain ar raonċúrsa idir 100 ⁊ 200 míle suas. Aon ċúrsa aṁáin a ḋéin sé. agus ṫúirling sé slán go talaṁ gan aon rodacaí d'ḟulang ón ngéarú siúil ná ón diṁeaċaint. An ḟaid is a ḃí sé ṫuas ḃ'ḟéidir leis bia d'iṫe, craolaḋ go talaṁ agus scríoḃ. Stiúraíoḋ an t-árṫaċ spáis a ḃí aige ón dtalaṁ le gleasa leictreonaċa. Ċuir siad ceann eile ag timpeallú an doṁain. San ceann sin ḃ'ḟéidir leis an loingseoir spáis codlaḋ san árṫaċ agus gnóṫaí eile do ḋéanaṁ ar nós craolaḋ. Ḃí an t-árṫaċ á stiúrú ón dtalaṁ, aċ ḃ'ḟéidir leis an loingseoir í a láiṁseáil agus do stiúrú ar feaḋ tamaill ṁaiṫ.

An ḃliain ċéanna do ċur na Meiriceánaiġ coċal nó árṫaċ spáis in áirde os cionn céad míle agus loingseoir spáis inti. D'ḟill sé anuas arís gan aon timpeallú do ḋéanaṁ. Ḃí sé ábálta an coċar do laiṁsiú agus do stiúrú.

Tá na Rúisiniġ ċun cinn ar na Meiriceánaiġ fé láṫair leis na roicéadaí móra agus leis na h-árṫaí spáis, aċ déarfá go ḃfuil na Meiriceánaiġ ċun cinn leis na saitlití ḃeaga eolais agus taiġde atá curṫa in áirde ag bailiú eolais ar ṁianaċ agus a ṫréiṫe an spáis, agus na h-aimsire, agus ar ċraolaḋ cianḟada agus telefísiú cianḟada.

Aċ tá constaicí móra le sárú sara mbeiḋ taisteál spáis ann don duine, aċ dár leis na h-eolaiṫe go ḃfaġfar an láṁ uaċtair orṫú. Ós rud é gurḃ éigean do roicéadaí luas timpeall 25.000 míle san uair ċun an ġealaċ do ḃaint amaċ, is dóiliġ don duine an mire siúil áiḃéileaċ seo d'ḟulang gan é do ġoilliúint air i dtosaċ an aistir.

Constaic eile sea an diṁeaċaint a ḃíonn ar gaċ rud ins an spás. Sé an constaic is mó atá le ṡárú ná an filleaḋ ṫar n-ais ó n-a plainéadaí ins an long spáis. Ḃeiḋ an long ag filleaḋ ar luas dianṁair, agus nuair a ḃuailfiḋ sí an brat aeir atá os cionn an doṁain, beiḋ friṫċuimilt an ṁór ar an long agus ḃ'ḟéidir go ndólfaí í.

Sí mo ṫuairim láidir má ṫagann an lá go mbeiḋ loingseoirí spáis ag filleaḋ ana n-aistear dianṁar go talaṁ ó na plainéadaí, beiḋ eaċtraiṫe níos iontaċa ná mar ċíoḋ ag na taisteálaiṫe ar muir agus ar tír fadó, nuair a ḃí an ċóir taisteál go mall, agus na bealaiġ go fada agus beagnaċ do ṡáraiṫe. Ní ḃéaḋ ins na sean-scéalta finníoċta aċ scéalta coiteann seaċas iontaisí agus eaċta an luċt spáis.

Caitlín Ní Raḃartaiġ. Coláiste Muire, Baile an Ṁóta, Co. Ṡligiġ.

Ní hé Lá na Gaoiṫe Lá na Scolb

Seanḟocal is ea "Ní hé lá na gaoiṫe lá na scolb." I láṫair na huaire níl mórán tiṫe le díonta tiú ar fud na tíre aċ tá an seanḟocal ċom fíor anois agus a ḃí sé anallód. Ní le cúrsaí tiú aṁáin a ḃainéann an seanḟocal. Deireann sé linn naċ ceart rudaí a ċur ar an ṁéar ḟada.

Ceapaim gur ṫáiniġ an seanḟocal ar an slí seo. Fadó ní raiḃ tiṫe ceann slinne ann. Ní raiḃ orṫu aċ tiú. Dá dtéaḋ fear suas ar ḋíon lá na gaoiṫe ṡéideaḋ an ġaoṫ den tí é agus an díon leis.

Nuair a ḃíonn fiacal lofa ag duine ba ċeart dó dul go dtí an fiaclóir. Ní maiṫ le haon duine dul ċuige. De ġnáṫ ní ṫéann duine go mbíonn cúpla ceann d'á fiacail lofa. Ansin bíonn air fiacail bréige a ċeannaċ.

Uaireannta ceannaíonn daoine rudaí ar cairde ins na siopaí. Ceannaíonn siad iad gaċ seaċtain. Ag deireaḋ míosa bíonn billí móra acu. Deireann siad go ḃfanfaiḋ siad go ḃfaiġe siad an t-airgead go léir le ċéile. Go minic ní ṫagann an lá sin.

Nuair a ḃíonn daoine óg ba ċeart dóiḃ airgead a ċur i mboscа airgid. Nuair a ḃíonn cuid maiṫ acu ba ċeart é a ċur san banc agus cúpla scilling a ċur leis gaċ seaċtain. Ansin nuair a ṫiocfaḋ an lá naċ féidir leis airgead a ṫuilleaṁ ḃeaḋ an t-airgead san banc ag duine. Aċ ní ċuireann daoine airgead san banc agus nuair a ṫagann an t-am a mbeaḋ siad críonna agus ag lúbaḋ ċun an talaṁ agus ina gcónaí i dteaċ stracaiṫe agus cónaí ar an pinsiún ḃeaḋ an t-airgead acu ċun breosla agus rudaí eile naċ féidir le aon duine ar pinsiún a ċeannaċ.

Cuireann an ċuid is mó de na micléinn a gcuid ceaċtanna ar an ṁéar fada. Tosnaíonn siad ag foġlaim le haġaiḋ na scrúdaiṫe seaċtain roiṁ na scrúdú. Ní ḃíonn am acu iad go léir a ḟoġlaim. Dá ḃrí sin teipeann orṫu agus cuireann siad féin agus a dtuismiṫeoirí an milleán ar na múinteoirí. Deireann siad naċ ḃfuair siad oideaċas maiṫ. Ba ċeart dóiḃ na cleaċtanna a ḟoġlaim gaċ oíċe agus gan iad a ċur ar an ṁéar fada.

Eilís Ní Ṁaolagain, Scoil Eoin le Dia, Eadan Doire, Ua bḞáile.

Cloċán Liaṫ

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ċloċán Liaṫ, ċuir an Giúistís Ó Lorcáin. fáilte roiṁ an Ceannfort Ó Collaráin, Ceannfort úr na nGárdaí, as Máġ Cromṫa, Corcaí, ar a ċéad teaċt go dtí an Ċúirt. Ṫáiniġ an Ceannfort Ó Collaráin in ionad an Ceannfort Ó Dúill, atá aistriṫe. Labair S. S. Delap, P. Ó Doṁnaill. T.D., agus cléireaċ an ḃaile, C. Ó Baoill, ag cur fáilte roiṁe fosta.

Cumann na Sagart

Ḃí clua an ṁór i láṫair ag cruinniḟ cinnbliana Cumann na Sagart in Óstán Clarence i mBaile Áṫa Cliaṫ Dia Ceadaoine an 20ú. Seo an t-eagras a stiúras glór na nGael. Ṫug an tAṫair Tomás Mac Aoiḋ, M.A., Gearrḃaile, léaċt speisiúl ar "Radarc Sagairt ar an Leiṫċéad Bliain ó 1916." Pléiḋ mórán gnéiṫe d'obair na heagraíoċta.

Gleannḃarr

Nuair a ḃítear ar tí ṫoiseaċt ar ċóiriú na scoile anseo ṫáiniġ scéal ċuiġ an ḃainisteoir na raḃṫar le méar a leagan uirṫi san am i láṫair. Nuair a leaṫnaiġ an scéal sin ṫart ar fud an ġleann ní gá a rá go raiḃ iontas agus uafas agus, leoga féin, fearg ar ṁuintir na h-áiṫe óir tá an-droċ stáid ar an scoil. Tá'n clós sa ċruṫ go ḃfuil sé contúirteaċ do páistí beaga siúl air. Nuair a ṫig lá fliuċ, an rud a ṫigeas ró ṁinic, tá sé go sleaṁain sin go ḃfáġtar iad sínte sa ċlabar agus tig siad isteaċ na scoile salaċ, fliuċ báiṫe. Tá na leiṫris tirime i gcontúirt pláiġ a ṫarraingt ar an áit. Tá'n scéal ag dul go ḃfuiltear leis na scoileanna beaga a ḋruid agus scoil ṁór aṁáin a ṫógáil i ngaċ paróiste. Tiocfaiḋ páistí an paróiste uiliġ go dtí an scoil ṁór seo an áit a ḃéas muinteoir fa ċoinne aċan rang. Ba breá an rud sin cinnte agus ba ṁór an buntaiste é do na páistí aċ go dtí go dtarraiḋ an t-am a ḃéas na scoileanna móra seo réiḋ ba ċóir rud éigínteaċt a ḋéanfaḋ le scoileanna cosúil leis an ċeann atá againn anseo i nGleannḃarr, rud éigínteaċt a ḃfáġfaḋ iad níos glaine agus níos sabáilte nó mar atá siad fá láṫair.

Aċ ba é go dtáiniġ seaċtain aṁáin de aimsir ṫirim ḃeaḋ an ċuid a ba ṁó den ḃarr coirce caillte sa ċeantar seo. Tráṫaṁail go leor sáḃálaḋ bunus an ḃáirr riṫ na seaċtaine tirime sin. I dtaca leis an ḃárr préataí tá eagla ar na feirmeoirí go mbéiḋ cuid ṁór de na préataí loḃṫa. Ḃí an saṁraḋ go fliuċ sin go raiḃ na druileanna ar naois an ċuid a ba ṁó den am.

Moill

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Ḋún na nGall Dé Luain, ġlac an Coṁairle le rún a ṁol Séamas Mac Ruaiḋrí, cur in iúl do Ḃord na nOibreaċa Poiblí ċoṁ miṡásta agus a ḃí siad leis an ṁoill a ḃí ḋá ḋéanaṁ ag an Ḃord ag deiġleáil le idiú an ċósta ag Árd Beag agus Árd Mór, Gort a' Ċoirce.

Tá an Doċtúir Pádraig S. Mac an Iomaire, D.P.H., Roinn Sláinte, Corcaiġ, ainmniṫe mar doċtúir sláinte condae congantа do Tírċonaill.